



PREASEISIÚINT Uimh. 17/26

Lucsamburg, 12 Feabhra 2026

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-857/24 | DAA agus páirtithe eile

Abhcóide Ginearálta Campos Sánchez-Bordona: Féadfar teorainn bhliantúil paisinéirí a ghearrann údarás pleanála úsáide talún a chur san áireamh agus sliotáin á leithdháileadh ag aerfort a bhfuil fadhbanna acmhainne aige

Faoin Rialachán maidir le leithdháileadh sliotán ag aerfoirt Chomhphobail, ¹ i gcás ina meastar go bhfuil fadhbanna acmhainne ag aerfort, ní mór é a ainmniú mar 'aerfort comhordaithe'. Ag na haerfoirt sin, ní mór do chomhordaitheoir sliotán a leithdháileadh ar aeriompróirí chun tuirlingt nó éirí de thalamh. ² Tá an stádas seo ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (Éire) ó 2007.

Ní mór na paraiméadair chomhordaithe le haghaidh leithdháileadh sliotán a chinneadh faoi dhó sa bhliain, agus na srianta teicniúla, oibríochtúla agus comhshaoil ábhartha go léir á gcur san áireamh, chomh maith le haon athruithe a d'fhéadfadh tarlú.

In 2007 agus 2008, d'fhorchuir An Bord Pleanála teorainn bhliantúil 32 milliún paisinéir mar choinníoll chun leathnú Chríochfoirt 1 agus 2 den aerfort a údarú. ³

In 2024, mheas oibrítheoir an aerfoirt go bhféadfaí an teorainn seo a bhaint amach nó a shárú fiú den chéad uair. Agus na paraiméadair chomhordúcháin á bhforbairt aige lena rialófaí an t-aerfort le linn gheimhreadh 2024 agus shamhradh 2025, ghlac Údarás Eitlíochta na hÉireann ('IAA') roinnt beart chun a áirithiú nach sárófaí an teorainn sin. ⁴

Tá achomharc déanta ag oibreoir an aerfoirt agus ag roinnt aerlínte chuig Ard-Chúirt na hÉireann i gcoinne na gcinntí maidir leis na bearta do gheimhreadh 2024 agus samhradh 2025. Áitíonn na haerlínte lena mbaineann, ar thaobh amháin, nach srian teicniúil, oibríochtúil ná comhshaoil í an teorainn 32 mhiliún paisinéir in aghaidh na bliana ar cheart í a chur san áireamh agus na paraiméadair chomhordúcháin á bhforbairt. Ar an lámh eile, áitíonn siad nach féidir leithdháileadh na sliotán ar a dtugtar 'sliotáin stairiúla' ⁵ a chur i mbaol, toisc gur ceart faighte de chuid na n-aerlínte é seo. ⁶

Tá amhras curtha in iúl ag cúirt na hÉireann faoi na dhá phointe seo leis an gCúirt Bhreithiúnais. Ina theannta sin, is mian léi a fháil amach an mbeadh sé de cheart ag oibreoir an aerfoirt an t-aerfort a dhúnadh go sealadach chun an teorainn bhliantúil sin a chomhlíonadh.

Leis an Tuairim a tugadh inniu, cuireann an tAbhcóide Ginearálta Manuel Campos Sánchez-Bordona in iúl, ar an gcéad dul síos, nach tosca de chineál fisiciúil nó ábhartha amháin iad **na tosca teicniúla, oibríochtúla nó comhshaoil a mbíonn tionchar acu ar acmhainn aerfoirt**, mar a mhaíonn na haerlínte, ach **na srianta dlíthiúla a fhorchuirtear le rialacha a mbíonn tionchar acu, go díreach nó go hindíreach, ar úsáid an aerfoirt freisin**.

Dar leis, tá **comhlíonadh na teorann 32 mhiliún paisinéir in aghaidh na bliana** ar cheann de na **srianta oibríochtúla**. **Ní bhaintear an nádúr sin de toisc gur ó údarás stáit atá freagrach as pleanáil úsáide talún a thagann an srian seo**. Is í an toisc cinniúnach ná go gcuirtear srian ar 'acmhainn oibríochtúil' an aerfoirt. **Dá bhrí sin, is toisc ábhartha í, i ngan-mheasúnú oibiachtúil ar na féidearthachtaí chun aerthrachta a óstáil**.

Ar an dara dul síos, measann an tAbhcóide Ginearálta **nach ionann sliotáin stairiúla agus cearta maoine, ach gur údaruithe iad chun bonneagar aerfoirt a úsáid**, agus nach féidir deonú na n-údaruithe sin baint a bheith aige

d'acmhainn an aerfoirt, mar a shainmhínítear sna paraiméadair chomhordaithe. **Ní chuirtear an tsaoirse chun gnó a sheoladh i mbaol ach an oiread de bharr dhíothú nó laghdú na sliotán sin chun acmhainn an aerfoirt a chomhlíonadh.**

Ar deireadh, measann an t-Abhcóide Ginearálta nach bhfuil an cheist maidir le cumhacht oibreoir an aerfoirt dúnadh an aerfoirt a ordú chun an teorainn 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana a chomhlíonadh inghlactha. Dá gcinntí gur cheist inghlactha í, áitíonn an tAbhcóide Ginearálta go mbeadh sé **ródhian** agus ródhíobhálach **an t-aerfort a dhúnadh** chun ceanglas a bhí ar eolas cheana féin a chomhlíonadh, agus nach bhforáiltear dá leitheád sa Rialachán. Tá sásraí sa Rialachán chun é seo a chosc.

NÓTA: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta, ar bhealach go hiomlán neamhspleách, réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Faoi láthair, tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Rialachán \(CEE\) Uimh. 95/93](#) ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le rialacha comhchoiteanna chun sliotáin a leithdháileadh ag aerfoirt Chomhphobail, arna leasú le [Rialachán \(AE\) 2022/2038](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 a mhéid a bhaineann le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Aontais i ngeall ar staid eipidéimeolaíoch nó fogha míleata.

² Baineann sé seo freisin le haon oibreoir aerárthaí eile, cé is moite de heisceachtaí na n-eitiltí stáit, na tuirlingthe éigeandála agus na n-eitiltí chun críocha daonnúla.

³ Cuireadh an teorainn sin i bhfeidhm, ar thaobh amháin, chun an t-aerfort a fhorbairt ar bhealach cothrom, le Críochfoirt 1 agus 2 sa chuid thoir agus tríú críochfort, a moladh a thógáil in 2006, sa chuid thiar. Ós rud é gur measadh go raibh acmhainn iomlán an aerfoirt ag an am sin thart ar 45 milliún paisinéir in aghaidh na bliana, socraíodh teorainn a chur le hacmhainn chomhcheangailte Críochfort 1 agus 2. Ar an láimh eile, ba fhreagra é ar shrianacha ar chumais iompair i gcuid thoir an aerfoirt.

⁴ Cé gur féidir leis an dá Chríochfort freastal go fisiciúil ar níos mó ná 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana gan obair bhonneagair bhreise, má sháraithear an teorainn seo, d'fhéadfaí pionós a ghearradh ar oibreoir an aerfoirt.

⁵ Féadfaidh aerlíne leanúint ar aghaidh ag úsáid an tsliotáin a leithdháileadh uirthi cheana féin i séasúr ina dhiaidh sin, ar an gcoinníoll gur bhain sí úsáid cheart as.

⁶ An 4 Samhain 2024, chuir an Ard-Chúirt fionraí sealadach ar chur i bhfeidhm chinneadh an tsamhraidh 2025. Dá bhrí sin, bhí comhordaitheoir an aerfoirt in ann a chuid sliotán stairiúil go léir a leithdháileadh ar aerlínte do shéasúr samhraidh 2025.